C/2024/3711

12.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11407 — DROSED / INDYKPOL)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3711)

1. An 31 Bealtaine 2024 fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— DROSED Holding S.A. ('DROSED', an Pholainn), faoi rialú deiridh LDC S.A., ('LDC Group', an Fhrainc)

— Indykpol S.A. ('Indykpol', an Pholainn).

Gheobhaidh LDC Group rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Indykpol ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá LDC Group speisialaithe i margú éanlaithe clóis beo, i marú éanlaithe clóis, i ngearradh feola éanlaithe clóis agus i margú feola éanlaithe clóis, táirgí éanlaithe clóis próiseáilte agus táirgí delicatessen,

— Tá Indykpol speisialaithe i bpórú agus ramhrú turcaithe chomh maith le táirgeadh agus díol feoil turcaí agus táirgí feola turcaí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é conclúid an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11407 — DROSED / INDYKPOL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').